

Fiosrúchán maidir le Cuideachta Árachais Ark Life (Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe)

(IN-21-6-1)

Dáta an Chinnidh: 26 Meán Fómhair 2022

Tháinig an cinneadh seo chun cinn mar gheall ar fhiosrúchán féintoilthe a thosaigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) de bhun Alt 110 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 chun breithniú a dhéanamh faoi ar chomhlíon Ark Life an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) maidir lena n-oibríochtaí próiseála.

Cuireadh tús leis an bhfiosrúchán i ndiaidh do Ark Life 158 sárú i ndáil le sonraí pearsanta a chur in iúl don DPC idir Nollaig na bliana 2018 agus Bealtaine na bliana 2020. Bhain na fógraí sáráithe sonraí go príomha le nochtadh neamhúdaráithe sonraí pearsanta mar thoradh ar mhíchruinneas i seoltaí agus saincheistanna laistigh de na nósanna imeachta poist agus ríomhphoist atá á bhfeidhmiú ag Ark Life.

Measadh sa chinneadh ar chomhlíon Ark Life Airteagal 32(1) an GDPR agus ar chuir Ark Life go háirithe bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla i bhfeidhm ar mhaithe le leibhéal riosca a chinntiú atá oiriúnach do na rioscaí a bhaineann lena n-oibríochtaí próiseála.

Fuarthas amach sa chinneadh gur chomhlíon Ark Life na hoibleagáidí atá acu faoi Airteagal 32(1) an GDPR. Dhearbhagh Ark Life gur cuireadh beartais i bhfeidhm, beartais a bhí curtha in oiriúint go háirithe do na rioscaí a bhaineann leis an bpróiseáil. Chuir Ark Life oiliúint ar fáil arís agus arís eile d'earnálacha an ghnólachta, a bhí faoi réir den chuid is mó ag sárúithe den chineál sin i ndáil le sonraí pearsanta. Ghlac Ark Life le bearta réamhghníomhacha freisin chun freagra a thabhairt ar phróifíl riosca roinnt aonaid ghnó atá ag méadú trí bhearta slándála breise a chur i bhfeidhm i ndiaidh do roinnt sárúithe i ndáil le sonraí pearsanta tarlú. Tá fabhtanna sna próisis a bhaineann leis na bearta sin ar tugadh aghaidh orthu, maidir le sonraí teagmhála na gcustaiméirí agus ag plé le post ar seoladh ar ais.

Chinn an DPC nár sháraigh Ark Life Airteagal 32(1), agus iad ag tógáil san áireamh candam na sárúithe ar shonraí, na bearta teicniúla agus eagraíochtúla a chuir Ark Life i bhfeidhm agus déine mheasartha nó íseal an riosca do na hábhair sonraí. Dá réir sin, níor feidhmíodh cumhachtaí ceartaitheacha sa chinneadh seo.